



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Comhairliúchán Poiblí: Amchlár agus Clár Oibre do Phlean Bainistíochta Abhantraí an Tríú Timthriall 2022-2027

Arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
housing.gov.ie

CLÁR ÁBHAR

1.	Cuspóir an chomhairliúcháin seo	1
2.	Cad is Pleanáil Abhantraí ann?	2
3.	Plean Bainistíochta Abhantraí an tríú timthriall a fhorbairt	10
4.	Deiseanna le haghaidh páirt a ghlacadh i bhforbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí	14
5.	Conas is féidir leat freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán agus na chéad chéimeanna eile	17
Aguisín 1:	Ceistneoir:	18

1. CUSPÓIR AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN SEO

Is é cuspóir an doiciméid chomhairliúcháin seo breac-chuntas a thabhairt ar na príomhbhearta agus na garspriocanna le haghaidh an tríú Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn a ullmhú faoi mhí na Nollag 2021 agus do thuairimí orthu a iarraidh. Cuireann rannpháirtíocht luath le geallsealbhóirí linn tabhairt faoi athbhreithniú atá níos eolasaí, níos comhoibríche agus, ar deireadh thiar thall, níos láidre ar na struchtúir agus na bearta atá sa Phlean Bainistíochta Abhantraí reatha agus an fhoghlaim sin a úsáid nuair atá Plean an tríú timthriall á fhorbairt. Leis an rannpháirtíocht seo, socraítear an treo le haghaidh na slí a n-oibreoimid le daoine eile sna blianta atá le teacht chun feabhas a chur ar an bPlean reatha agus chun cabhrú le dlús a chur le feabhsuithe ar cháilíocht an uisce le linn an tríú timthriall pleanála abhantraí.

Mar thoradh ar an gcéad chéim comhairliúcháin seo, a bheidh ar siúl ar feadh sé mhí idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2019, cuirfear ar ár gcumas:

1. An t-amchlár agus an clár oibre do Phlean Bainistíochta Abhantraí an tríú timthriall a fhorbairt a thabhairt chun críche;
2. Míniú a thabhairt ar na struchtúir atá i bhfeidhm chun cur ar chumas geallsealbhóirí páirt a ghlacadh i bhforbairt an Phlean agus béim a leagan ar na deiseanna atá ann leis an rannpháirtíocht sin;
3. An cur chuige i leith Plean Bainistíochta Abhantraí an tríú timthriall a fhorbairt a leagan amach;
4. Deis a thabhairt do dhaoine moltaí a dhéanamh i leith feabhas a chur ar an tslí a dtéitear i dteagmháil le geallsealbhóirí; agus
5. Cur i bhfeidhm leantach bhearta an Phlean Bainistíochta Abhantraí a chur chun cinn.

2. CAD IS PLEANÁIL ABHANTRAÍ ANN?

2.1 Réamhrá

Gné bhunúsach dár saol is ea uisce agus baineann tábhacht le dea-cháilíocht uisce a chothabháil chun feabhsuithe a chur chun cinn ar fad gach gné dár sochaí, dár ngeilleagar agus dár gcomhshaol. Mar sin, má chosnaímid cáilíocht ár n-uisce, cabhróimid leis an tsláinte phoiblí a chosaint freisin. Is ónár screamhuisce, ónár n-aibhneacha agus ónár lochanna a thagann ár n-uisce óil. Tá sláinte ár ndobharlach nasctha go dlúth le soláthairtí sábháilte glana uisce a chothabháil. Ní hé amháin go bhfuil siad ina gcuid riachtanach dár dtimpeallacht nádúrtha, ach tá siad ina sócmhainn náisiúnta a mbaineann ár bpobail agus ár dturasóirí taitneamh aisti freisin. Má leanaimid ar aghaidh ag cur feabhas ar ár ndobharlaigh, cabhróimid le poist a choinneáil ar bun in earnálacha atá dian ar uisce, amhail na hearnálacha agraibhia agus turasóireachta, ina bhfuil níos mó ná 400,000 post faoi láthair.

Ní mór cáilíocht an uisce a chosaint chun a chinntiú go bhfuil méid leordhóthanach uisce agus cáilíocht shásúil uisce againn chun a áirithiú go gcloímid leis an gCreat-treoir Uisce, an príomhchreat atá taobh thiar den bheartas uisce san Aontas Eorpach. Cuirtear an Chreat-treoir Uisce i bhfeidhm tríd an bpróiseas pleanála bainistíochta abhantraí agus déantar pleananna bainistíochta abhantraí a athbhreithniú agus a athrú chun dáta gach sé bliana i gcomhréir leis an Treoir. Foilsíodh na chéad Pleananna Bainistíochta Abhantraí de chuid na hÉireann sa bhliain 2009. Cumhdaítear 7 gCeantar Abhantraí ar leith iontu. Sa bhliain 2018, foilsíodh an dara Plean Bainistíochta Abhantraí, a gcumhdaítear Ceantar Abhantraí náisiúnta aonair amháin ann. Tá sé beartaithe an tríú Plean Bainistíochta Abhantraí a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana 2021 agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh sé bliana go dtí an bhliain 2027.

2.2 An Plean Reatha

Le linn an Plean Bainistíochta Abhantraí reatha a fhorbairt, glacadh struchtúr trí shraith ar fud údaráis ábhartha, tar éis comhairliúchán poiblí tosaigh a eagrú. Ag Sraith 1, tá freagracht ar an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil as beartas, as an reachtaíocht riachtanach agus as acmhainní a chur ar fáil don Plean. Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) atá i gceannas ar Shraith 2. Tá an Ghníomhaireacht freagrach as an bpróiseas tréithrithe do bharcheantair agus as cabhrú leis an Aire agus comhairle a chur air. Tá Sraith 3 comhdhéanta de na húdaráis áitiúla, a bhfuil freagracht orthu as bearta a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil agus a bhfuil acu an t-eolas áitiúil a

theastaíonn chun lear beart féideartha a sholáthar go rathúil. Is seirbhís chomhroinnte a thacaíonn le húdaráis áitiúla a ról a chomhlíonadh é Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO). Tá sé comhdhéanta d'Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil (LAWCO) agus d'Fhoireann Measúnaithe Dobharcheantair na nÚdarás Áitiúil (LAWCAT).

Tá an cur chuige a threoraigh forbairt Phlean Bainistíochta Abhantraí an dara timthriall leagtha amach sa Phlean agus tá sé bunaithe ar na mórchéimeanna seo a leanas:


- Measúnaíodh torthaí an chéad timthrialla pleanála. Bhí comhairliúchán poiblí ar shaincheisteanna tábhachtacha bainistíochta uisce in Éirinn ar áireamh sa chuid sin den phróiseas.
- Tugadh faoi thréithriú an Cheantair Abhantraí. Áiríodh leis sin measúnú ar stádas reatha ár n-uiscí agus sainaitheint na ndobharlach nach bhfuil ar an mbóthar ceart go fóill le haghaidh ceanglais na Creat-treorach Uisce a chomhlíonadh.
- Rinneadh na brúnna suntasacha agus an tionchar ar ghníomhaíochtaí an duine a shainaitheint agus a achoimriú.
- Sainíodh cuspóirí comhshaoil agus socraíodh tosaíochtaí, lena n-áirítear dobharlaigh a chur in ord tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta sa timthriall reatha.
- Leagadh Clár Beart amach, agus é bunaithe ar an bpróiseas tréithrithe agus ar na brúnna a sainaitheint. Is é aidhm an Chláir Bheart sin cuspóirí comhshaoil agus ceanglais shonracha na Creat-treorach Uisce a chomhlíonadh.
- Leagadh amach na struchtúir bheartaithe chur i bhfeidhm don Phlean.
- Sainaitheint dea-thorthaí ionchais an Phlean Bainistíochta Abhantraí.
- Cuireadh pleananna i bhfeidhm le haghaidh faireachán agus tuairisciú leanúnach a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm.
- Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí ar an bPlean.
- Foilsíodh dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí, inar leagadh amach na bearta atá bheartaithe chun cuspóirí an Phlean a bhaint amach.
- Rinneadh an Clár Beart a athrú chun dáta agus a thabhairt chun críche tar éis comhairliúchán poiblí fairsing agus foilsíodh an Plean deiridh.

2.2.1 Beartú Tosaíochta na Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta go dtí an bhliain 2021

Le linn an Plean Bainistíochta Abhantraí reatha (an dara timthriall) a fhorbairt, chuaigh na húdaráis áitiúla i gceannas ar chleachtadh beartaithe tosaíochta a raibh mar aidhm leis a shainaithint cé na dobharlaigh sin a dteastaíonn gníomhaíocht láithreach uathu laistigh den dara timthriall pleanála go dtí an bhliain 2021. Fuair na húdaráis áitiúla tacaíocht ina leith ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ó gheallsealbhóirí eile. Mar chuid dá próiseas tréithrithe dobharcheantair, shainaithin an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na dobharlaigh sin nach raibh ar an mbóthar ceart le haghaidh a gcuspóirí faoin gCreat-treoir Uisce a bhaint amach.

Agus é faoi stiúir ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ag LAWCO, bunaíodh próiseas comhoibríoch lenar bhain pearsanra na n-údarás áitiúil agus gach geallsealbhóir ábhartha, chun a shainaithint, ar leibhéal réigiúnach, cé na dobharlaigh ar cheart tús áite a thabhairt dóibh le haghaidh gníomhaíochta le linn an dara timthriall pleanála. Bhí an próiseas sin bunaithe ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí, ar an bhfianaise ón bpróiseas tréithrithe, agus ar shonraí agus eolas phearsanra na n-údarás áitiúil. Ba é an toradh a bhí ar an bpróiseas beartaithe tosaíochta sin gur roghnaíodh liosta tosaigh de 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta ar fud na 5 réigiún údaráis áitiúil (Fíor 1). Laistigh den 190 limistéar sin, roghnaíodh 726 dhobharlach le haghaidh gníomhartha tosaigh le linn Phlean Bainistíochta Abhantraí an dara timthriall. Tá an obair sin ar siúl faoi láthair.

Fíor 1: Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta (190) sna cúig réigiún, bunaithe ar theorainneacha dobharcheantair



2.2.2 Rannpháirtíocht geallsealbhóirí

Cuspóir lárnach atá taobh thiar de phleanáil agus cur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Abhantraí reatha is ea díriú láidir ar theagmháil le gach earnáil den tsochaí. Is léir nach mór do gach geallsealbhóir tabhairt faoi rannpháirtíocht ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun a chinntiú gur ag teacht lena chéile atá na luachanna a leagaimid uile ar ár n-acmhainní uisce agus go ndéanaimid gníomhartha fiúntacha éifeachtacha chun iad a chosaint agus a fheabhsú. Mar thoradh ar an mbéim mhéadaithe atá leagtha ar rannpháirteachas agus rannpháirtíocht sa Phlean Bainistíochta Abhantraí reatha, cruthaíodh an Fóram Uisce, Coistí Oibríochtúla Réigiúnacha na n-údarás áitiúil agus Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil (LAWCO), atá mar chuid de Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO).


Cuireadh an Fóram Uisce ar bun chun rannpháirtíocht geallsealbhóirí a éascú maidir le gach saincheist uisce, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le cáilíocht an uisce agus le cur i bhfeidhm na Creat-treorach Uisce. Is é an Fóram a chinneann a chlár oibre féin agus an modh ina gcuireann sé na tuairimí agus an anailís uaidh in iúl. Cuireann na tuairimí uaidh leis na struchtúir chur i bhfeidhm atá beartaithe ar gach leibhéal, lena n-áirítear obair an Choiste Chomhairligh um Beartas Uisce. Tá an Fóram ina chomhéadan idir an eolaíocht, rannpháirtíocht saoránach/geallsealbhóirí agus an beartas uisce.

Brúnn LAWPRO rannpháirteachas an phobail, rannpháirtíocht pobal agus geallsealbhóirí agus comhairliúchán leo chun cinn ar leibhéal áitiúil. Comhordaíonn sé na gníomhaíochtaí sin ar fud gach ceann den 31 Údarás Áitiúla. Oibríonn LAWCO chun a chinntiú gurb amhlaidh, mar gheall ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus an phobail, go mbeidh baint fhiúntach ag an bpobal agus ag geallsealbhóirí leis an gcur chuige i leith bainistíocht do bharcheantair ar fud an Cheantair Abhantraí.

Ina theannta sin, leanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil den obair líonraithe geallsealbhóirí agus comhroinnte eolais a stiúradh. Tá an suíomh Gréasáin catchments.ie ina stór faisnéise agus sonraí agus ina uirlis comhroinnte eolais a bhfuil mar aidhm leis bearta a dhíriú agus cur i bhfeidhm an Phlean a chomhordú ar bhealach níos fearr.

I dtaca le tionscnaimh shonracha, cuireadh Ciste Forbartha Uisce Pobail ar bun chun tacú le gníomhartha pobail áitiúil atá dírithe ar uisce a chosaint agus ar theacht le spriocanna an Phlean Bainistíochta Abhantraí. Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus LAWPRO na suíomhanna Gréasáin catchments.ie agus watersandcommunities.ie faoi seach. Tugann na fóraim agus na tacaí sin na geallsealbhóirí níos gaire do phróiseas pleanála an Phlean Bainistíochta Abhantraí agus éascaíonn siad rannpháirtíocht níos láidre agus níos cuidithí ar gach leibhéal den phróiseas.

Fíor 2: Struchtúir Chur i bhFeidhm



2.2.3 Pleananna agus Cláir Nasctha

Tá an Plean Bainistíochta Abhantraí ina phlean le haghaidh ceanglais na Creat-treorach Uisce a chur i bhfeidhm, agus cuireann sé ar ár gcumas feabhsú cháilíocht an uisce a chur chun tosaigh i mbeartas an Rialtais. Níl sé ina phlean a oibríonn ina aonar agus cuid ríthábhachtach de rath an Phlean is ea na nascachtaí le pleananna agus beartais náisiúnta eile atá leagtha amach i bPlean Bainistíochta Abhantraí an dara timthriall. Ón uair sin a foilsíodh an Plean Bainistíochta Abhantraí i mí Aibreáin 2018 i leith, foilsíodh roinnt pleananna Rialtais a bhfuil nasc dhíreacha acu leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí agus a fhéadann tionchar dearfach a imirt ar ár gcumas chun an Clár Beart a chur i bhfeidhm agus chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ar fud an Cheantair Abhantraí agus na Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta.

Liostaítear na pleananna, na cláir agus na straitéisí seo a leanas mar réimsí trasnaisc leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo. Trí na pleananna, na cláir agus na straitéisí a chur ar chomhréim leis an bpróiseas pleanála bainistíochta abhantraí, cuirtear ar chumas gach duine lena mbaineann gníomhaíochtaí a chomhordú ar bhealach níos fearr agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na mbeart a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar cháilíocht an uisce agus na gnóthachain bhreise chomhshaoil is mó a bhaint amach.

Tábla 1: Pleananna agus Cláir Náisiúnta atá nasctha leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí

Pleananna Bainistíochta ar an Riosca Tuile	https://www.floodinfo.ie/
An Creat Náisiúnta Pleanála	https://www.npf.ie/
An Clár Gníomhaíochta maidir le Níotráití	https://www.housing.gov.ie/water/water-quality/nitrates/nitrates-directive%20
An Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce	https://www.water.ie/projects-plans/our-plans/water-services-strategic-plan/
An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht	https://www.npws.ie/legislation/national-biodiversity-plan
An Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide	https://www.dccae.gov.ie/en-ie/climate-action/topics/adapting-to-climate-change/national-adaptation-framework/Pages/default.aspx
An Clár Forbartha Tuaithe	https://www.agriculture.gov.ie/ruralenvironmentandsustainability/ruraldevelopmentprogrammerdp2014-2020/
An Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna	https://www.npws.ie/peatlands-and-turf-cutting/peatlands-council/national-peatlands-strategy
An Plean Cigireachta Náisiúnta do Chórais Chóireála Dramhuisse Tí 2018-2021	http://www.epa.ie/pubs/reports/water/wastewater/nip2018-2021.html
An Clár Náisiúnta Foraoiseachta 2014-2020	https://www.agriculture.gov.ie/forests-service/forestry-programmes/2014-2020/

3. PLEAN BAINISTÍOCHTA ABHANTRAÍ AN TRÍÚ TIMTHRIALL A FHORBAIRT

3.1 Amchlár agus clár oibre

Beidh rath an phróisis ag brath go mór ar chur i bhfeidhm na struchtúr nua agus an Chláir Bheart, de bharr na n-athruithe suntasacha a rinneadh ar an bpróiseas pleanála bainistíochta abhantraí in Éirinn sular ullmhaíodh Plean Bainistíochta Abhantraí an dara timthriall. Tá príomhtháscairí feidhmíochta do bhearta aonair agus méadracht ratha á dtomhas le linn shaolré Phlean Bainistíochta Abhantraí an dara timthriall d'fhonn measúnú a dhéanamh ar rath coibhneasta an Phlean agus ar rath na struchtúr rialachais, rannpháirtíochta agus cur i bhfeidhm a cuireadh i ngníomh chun tacú leis.

Ní dheachaigh ach ocht mí thart idir foilsiú Phlean Bainistíochta Abhantraí an dara timthriall agus tosú an phróisis chomhairliúcháin seo don tríú timthriall. Dá bharr sin, níl mórán scóipe ann chun torthaí na mbearta agus na dtionscnamh a d'eascair ó Phlean Bainistíochta Abhantraí an dara timthriall a thomhas. Tá cuid mhór díobh sin á mbunú go fóill agus is dóigh nach mbeidh ach líon beag aschur agus torthaí ó Phlean Bainistíochta Abhantraí an dara timthriall le brath ar leibhéal dobharcheantair agus Plean an tríú timthriall á ullmhú.

Táthar ag tosú ar Phlean Bainistíochta Abhantraí an tríú timthriall a fhorbairt anois agus leanfar leis an obair sin suas go deireadh na bliana 2021. Áirítear iad seo a leanas le roinnt de na príomhphrionsabail a bheartaítear a ghlacadh le linn an Plean a fhorbairt:

- Leanúint le díriú ar na Limistéir thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta;
- Bearta a chur ar aghaidh i ndáil leis na brúnna comhshaoil uile atá ann sna Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta;
- Rochtain mhéadaithe a thabhairt don phobal ar fhaisnéis faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí;
- Comhar a neartú ar gach leibhéal agus an Plean á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm;
- Na sásraí atá ann cheana le haghaidh comhar agus rannpháirtíocht Thuaidh-Theas a choinneáil ar bun agus, nuair is gá, a fhorbairt;
- Tacú le gníomhaíocht pobail áitiúil; agus
- Measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an bPlean Bainistíochta Abhantraí ar dhearcthaí agus iompraíocht an phobail d'fhonn feabhas a chur ar a chur i bhfeidhm amach anseo.

Tugann foilsíú an amchláir agus an chláir oibre deis dúinn na bearta a leagan amach a dhéanfaimid chun rannpháirtíocht an phobail a chinntiú agus chun forbheathnú a thabhairt ar na hathruithe atá le déanamh ar an dóigh a dtabharfaimid aghaidh ar Phlean an tríú timthriall. Cinnteoidh sé freisin go mbeidh bearta comhaontaithe le haghaidh rannpháirtíochta i bhfeidhm againn ar fud an chláir oibre chun a chinntiú go mbeidh daoine in ann forbairt an Phlean a mhúnlú ag gach céim.

Ba é a bhí i gceist leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí reatha ná aghaidh a thabhairt ar an bpróiseas foriomlán pleanála bainistíochta abhantraí ar bhealach eile ar fad i gcomparáid leis an gcéad timthriall. Meastar gur éabhlóid an Phlean Bainistíochta Abhantraí reatha atá i bPlean an tríú timthriall. Cé go bhfuil sé róluath measúnú a dhéanamh ar na torthaí ón bPlean reatha, is féidir struchtúir, modhanna, aschuir agus idirghníomhaíocht an Phlean a bhreithniú agus coigeartuithe a dhéanamh air, nuair is cuí. Tá roinnt nithe a measaimid gur cheart iad a anailísiú i gcomhthéacs aon athruithe a dhéanfar ar an dóigh a bhforbrófar Plean an tríú timthriall:

- Tá obair an Chláir Inbhuanaitheachta, Tacaíochta agus Chomhairligh don Talmhaíocht (ASSAP) agus Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWCO agus LAWCAT) ar siúl cheana féin agus beidh na tuairimí ó gheallsealbhóirí ina leith ríthábhachtach agus beartais á bhforbairt i ndáil leis an dóigh a bhforbrófar na cláir sna blianta atá le teacht;
- Ba cheart éifeachtacht na struchtúr rialachais nua a athbhreithniú bunaithe ar rath oibríochtúil na struchtúr agus ar an leibhéal rannpháirtíochta leis an bpobal ar gach leibhéal rialachais;
- Déanfar breithniú ar aon athruithe a rinneadh ar stádas na ndobharcheantar faoin gCreat-treoir Uisce ó foilsíodh Plean an dara timthriall;
- Agus Plean an tríú timthriall á fhorbairt, beidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar an uaimhian ó thaobh torthaí ionchasacha de agus ar an leibhéal acmhainní agus ar an dóigh a n-úsáidfear iad; agus
- Beidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh freisin ar na torthaí ón tseiceáil oiriúnachta atá á déanamh ag an Aontas Eorpach ar an gCreat-treoir Uisce faoi láthair.

Agus aird á tabhairt ar an am a bheidh ag teastáil do gach céim den phróiseas, leanfar an t-amchlár seo a leanas le linn Plean Bainistíochta Abhantraí an tríú timthriall a fhorbairt:

Gné den Chreat-treoir Uisce:	Sonraí:	Tréimhse Ama:
Amchlár agus Clár Oibre a fhoilsiú	<ul style="list-style-type: none"> - Dréacht-amchlár agus dréachtchlár oibre a leagan amach le haghaidh Plean Bainistíochta Abhantraí an tríú timthriall a ullmhú. - Aird a tharraingt ar gharspíocanna i dtimthriall an Phlean Bainistíochta Abhantraí ar ina leith a bheidh comhairliúchán ag teastáil. - Na bearta a leagan amach a dhéanfaimid chun rannpháirtíocht an phobail a chinntiú sa phróiseas comhairliúcháin. - Amchlár a fhoilsiú i mí na Nollag 2018 agus comhairliúchán a dhéanamh air suas go mí an Mheithimh 2019. 	Nollaig 2018 – Meitheamh 2019
An Forbhreathnú eatramhach ar Shaincheisteanna Tábhachtacha Bainistíochta Uisce in Éirinn a fhoilsiú	<ul style="list-style-type: none"> - Sainaitheint a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu sa tríú dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí. - An forbheathnú a fhoilsiú i mí na Nollag 2019 agus comhairliúchán a dhéanamh air suas go mí an Mheithimh 2020. 	Nollaig 2019 – Meitheamh 2020
An dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí 2022 – 2027 a fhoilsiú	<ul style="list-style-type: none"> - Cuspóirí a leagan amach le haghaidh ár n-oibleagáidí faoin gCreat-treoir Uisce a chomhlíonadh agus straitéisí a chur i láthair le haghaidh déanamh amhlaidh. 	Nollaig 2020

Comhairliúchán poiblí a sheoladh tar éis an dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí a fhoilsiú	<ul style="list-style-type: none"> - Deis a thabhairt tuairimí a chur in iúl faoin dréacht-Phlean, lena n-áirítear beartú tosaíochta na ndobharlach, na cuspóirí atá leagtha amach agus na bearta atá beartaithe. - An comhairliúchán a éascú trí ghlacadh le haighneachtaí i scríbhinn agus ar líne. 	Nollaig 2020 — Meitheamh 2021
An Plean Bainistíochta Abhantraí deiridh don tréimhse 2022 – 2027 a fhoilsiú	<ul style="list-style-type: none"> - Cuspóirí a leagan amach le haghaidh na timpeallachta uisce agus straitéisí a leagan amach le haghaidh na cuspóirí sin a chomhlíonadh. 	Faoi Nollaig 2021

4. DEISEANNA LE HAGHAIDH PÁIRT A GHLACADH I BHFORBAIRT AN PHLEAN BAINISTÍOCHTA ABHANTRAÍ

Tá roinnt bealaí difriúla ann, ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon, inar féidir le páirtithe leasmhara nó le daoine aonair páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin seo agus i bhforbairt fhoriomlán an Phlean Bainistíochta Abhantraí thar an gcéad 3 bliana eile.

Ar leibhéal náisiúnta:

1. An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil:

Tá an tAire freagrach as an doiciméad comhairliúcháin seo a fhoilsiú agus as na céimeanna ina dhiaidh sin de phróiseas an Phlean Bainistíochta Abhantraí, mar atá leagtha amach san amchlár agus sa chlár oibre. Stiúrfaidh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an obair sin agus comhordóidh sí bainistiú agus anailís na bhfreagraí comhairliúcháin ag céimeanna éagsúla den phróiseas, mar atá leagtha amach san amchlár.

2. An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil:

Is é ról na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Aire maidir leis an amchlár agus an clár oibre seo a fhoilsiú agus páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin ag gach céim d'fhorbairt Phlean an tríú timthriall. Chomh maith leis sin, leanfaidh an Gníomhaireacht le measúnuithe do bharcheantair, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh agus le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí teicniúla eile a bhaineann leis an gCreat-treoir Uisce a bheidh riachtanach maidir le rath an Phlean.

3. An Coiste Comhairleach um Beartas Uisce:

Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Beartas Uisce chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Aire maidir le forbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí. Tugann sé le chéile na príomheagraíochtaí náisiúnta a rannchuidíonn leis an gCreat-treoir Uisce a chomhlíonadh in Éirinn. Tá an Coiste faoi chathaoirleacht ag ionadaí de chuid an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus cuimsíonn sé ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas:

- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

- An Roinn Sláinte
- An Coimisiún um Rialáil Fóntais
- Údaráis áitiúla
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- Uisce Éireann
- Iascach Intíre Éireann
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.

4. An Fóram Uisce:

Bunaíodh an Fóram Uisce go foirmiúil sa bhliain 2017 faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017. Is eintiteas neamhspleách é agus tá sé de lánrogha aige a chlár oibre féin agus an modh ina gcuireann sé na tuairimí agus an anailís uaidh in iúl a chinneadh. Tá feidhmeanna leathana ag an bhFóram agus áirítear leo comhairle a thabhairt don Choiste Comhairleach um Beartas Uisce maidir le Pleananna Bainistíochta Abhantraí i leith nithe a bhaineann le cuspóirí na Creat-treorach Uisce agus i leith nithe gaolmhara a bhaineann leis an timpeallacht uisceach intíre agus acmhainní uisce a bhainistiú.

Tá 26 bhall ag an bhFóram faoi láthair, agus iad ag teacht ó eagraíochtaí agus earnálacha a bhfuil leas acu i saincheisteanna uisce. Áirítear leo sin grúpaí tomhaltóirí; tomhaltóirí Uisce Éireann; grúpaí pobail; iontaobhais aibhneacha; grúpaí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí uisceacha, amhail iascaireacht agus spóirt uisce; earnálacha a bhfuil leas ar leith acu i saincheisteanna uisce, amhail an earnáil talmhaíochta agus an earnáil gnó; an earnáil pobail agus dheonach; an earnáil comhshaoil agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do cheantar tuaithe na hÉireann; agus earnáil na ngrúpscéimeanna uisce.

Ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil:

5. Tionscnaimh rannpháirtíochta Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO):

Tá LAWPRO i mbun teagmhála le geallsealbhóirí leasmhara agus le daoine aonair leasmhara trí na cruinnithe poiblí leanúnacha atá sé ag reáchtáil ar fud na tíre mar chuid dá straitéis cur i bhfeidhm don Phlean reatha. Bainfidh sé úsáid as na líonraí geallsealbhóirí atá ann cheana agus as cruinnithe poiblí chun béim a leagan ar a chomhleanúnaí atá pleanáil bainistíochta abhantraí, rud is féidir a fheiceáil sa deis luath seo cur cheana féin le hullmhú Phlean Bainistíochta Abhantraí an tríú timthriall agus aighneachtaí a spreagadh. Chomh maith leis sin, bainfidh sé úsáid as a ardáin reatha mheán sóisialta agus chumarsáide chun an teachtaireacht a scaipeadh agus daoine a spreagadh freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán seo agus a dtuairimí ar an amchlár agus ar an gclár oibre a chur isteach.

Cuirfidh LAWPRO dlús le gníomhartha rannpháirtíochta pobail le linn na ndeiseanna comhairliúcháin phoiblí atá beartaithe san amchlár le haghaidh an tríú timthriall a ullmhú.

Más mian leat sonraí a fháil faoi conas is féidir leat freagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán seo, lena n-áirítear an ceistneoir gairid a forbraíodh chun na críche sin, téigh chuig www.watersandcommunities.ie.

5. CONAS IS FÉIDIR LEAT FREAGRA A THABHAIRT AR AN GCOMHAIRLIÚCHÁN AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cuireadh ceistneoir gairid spriocdhírthe le chéile chun cabhrú le daoine freagra a thabhairt ar roinnt de na príomhcheisteanna atá againn i dtaca le forbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí. Beimid in ann na freagraí a fhaighimid ar an gceistneoir seo a úsáid chun tuairimí an phobail ar an bPlean Bainistíochta Abhantraí reatha agus an leibhéal rannpháirtíochta atá ann idir na comhlachtaí cur i bhfeidhm agus na geallsealbhóirí a dhéanamh amach. Anuas air sin, cabhróidh na freagraí linn forbairt an phróisis chomhairliúcháin a mhúnlú ag céimeanna difriúla den Phlean agus beidh siad mar threoir againn le linn dúinn measúnú a dhéanamh ar a rathúla a bhí na bearta a chuireamar i bhfeidhm sa Phlean Bainistíochta Abhantraí reatha chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce.

Is féidir an ceistneoir a fheiceáil in Aguisín 1 den doiciméad comhairliúcháin seo agus is féidir é a chomhlánú ar ár suíomh Gréasáin ag an nasc seo a leanas freisin:

<https://www.surveymonkey.com/r/3QSGLBJ>

Má tá tuairimí nó moltaí ar bith agat nach mbaineann leis na topaicí a chumhdaítear sa cheistneoir, is féidir leat iad a sheoladh chugainn go díreach ag rbmp@housing.gov.ie

De bhreis air sin, is féidir le geallsealbhóirí leasmhara a n-ionchur a chur ar fáil trí Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) ag ceann ar bith dá chruinnithe poiblí, ar www.watersandcommunities.ie nó trí theagmháil a dhéanamh leis an seoladh ríomhphoist seo a leanas:

info@lawaters.ie

Is féidir aighneachtaí scríofa a sheoladh chuig:

An Comhairliúchán Poiblí ar an bPlean Bainistíochta Abhantraí

An Rannóg Uisce

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Teach an Chustaim

Baile Átha Cliath 1

D01 W6X0

Is é an 28 Meitheamh 2019 an dáta deiridh a ghlacfar le freagraí ar an gcomhairliúchán seo.

AGUISÍN 1: CEISTNEOIR:

Ainm:	
Seoladh ríomhphoist:	
Eagraíocht (má bhaineann):	
<ul style="list-style-type: none">Ar ghlac tú páirt sna próisis chomhairliúcháin a bhí ar bun le linn Phlean Bainistíochta Abhantraí an chéad timthrialla nó le linn Phlean Bainistíochta Abhantraí an dara timthriall? Má ghlac, an gceapann tú gur réitíodh sa Phlean Bainistíochta Abhantraí deiridh na ceisteanna nó na hábhair imní a bhí agat?	
<ul style="list-style-type: none">An gceapann tú gur leor na tréimhsí ama agus na sásraí comhairliúcháin atá leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin seo? Cé na sásraí eile a mholfá?	

- Cé na tuairimí atá agat ar na struchtúir chur i bhfeidhm atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí? Ar dhéileáil le ceann ar bith de na comhlachtaí cur i bhfeidhm i ndáil leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí agus, má dhéileáil, cad é mar a bhí an déileáil sin?

- Cé na tuairimí atá agat ar bheartú tosaíochta na Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta sa Phlean Bainistíochta Abhantraí?

- An bhfuil limistéir ann a gceapann tú gur cheart dúinn díriú orthu tuilleadh, gan na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta agus na bearta atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí a áireamh?

-
- An bhfuil aon bharúlacha breise agat ar na céimeanna comhairliúcháin agus ar an amchlár comhairliúcháin atá leagtha amach sa doiciméad seo?

housing.gov.ie

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
housing.gov.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland